



2024/634

20.2.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/634 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Nollaig 2023

Iena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a mhéid a bhaineann leis an gcruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais agus na foirmiúlachtaí custaim i dtaca le gairis bhraiteacha lasta leictreonacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 156, pointí (a), (b) agus (d), Airteagal 160 agus Airteagal 36, pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Léiríodh le cur chun feidhme Rialachán (AE) 952/2013 in éineacht le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ⁽²⁾ ón gCoimisiún go bhfuil gá le roinnt leasuithe ar an Rialachán Tarmligthe sin chun é a chur in oiriúint níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oibreoirí eacnamaíocha agus údarás custaim a mhéid a bhaineann leis an gcruthúnas maidir le stádas custaim ar earraí de chuid an Aontais agus na foirmiúlachtaí custaim is infheidhme le linn thrasloingsiú na n-earraí.
- (2) Chun na cásanna sonracha a shoiléiriú inar féidir le hearraí de chuid an Aontais gluaiseacht, gan iad a bheith faoi réir nós imeachta custaim, ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus amach as an gcríoch sin ar bhonn sealadach gan a stádas custaim a athrú, tá sé riachtanach a dheimhniú go dtugtar le tuiscint leis an toimhde maidir le stádas an Aontais, cé gur féidir leis na hearraí críoch chustaim an Aontais a fhágáil go sealadach trí uiscí idirnáisiúnta nó trí aerspás idirnáisiúnta, nach n-údaráítear stopadh lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais.
- (3) Is é is aidhm do choincheap na n-eisitheoirí údaraithe na foirmiúlachtaí a bhaineann le cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais a shimpliú go heisiach. I bhfianaise chur in úsáid an chórais leictreonaigh a bhaineann leis an gCruthúnas ar Stádas Aontais (PoUS) dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ⁽³⁾ ón gCoimisiún, ní mór na coinníollacha maidir le húdaruithe den sórt sin a threisiú.
- (4) Maidir leis na foirmiúlachtaí custaim is infheidhme i dtaca le gairis bhraiteacha lasta leictreonacha (eCSDanna), i gcás ina ndearbhófar gairis slándála agus rianúcháin is féidir a chur laistigh d'abhar pacála, nó iad siúd atá nasctha le hábhar pacála, le haghaidh iontráil shealadach nó le haghaidh ath-onnmhairithe, ionas gur féidir iad a shimpliú, ba cheart, ó thaobh na ngairis sin, tairbhe a bhaint as foirmiúlachtaí simplithe custaim. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go mbaineann na eCSDanna sin tairbhe as faoiseamh iomlán ó dhleacht ar allmhairí nuair a dhearbhaítear iad le haghaidh iontráil shealadach. Ba cheart feidhm a bheith ag an bhfaoiseamh iomlán sin freisin maidir le hábhar pacála a allmhairítear, agus é líonta, agus a bhfuil sé beartaithe é a ath-onnmhairiú, agus é folamh nó líonta, agus ar a bhfuil buanmharcanna doscrista lena saináithnítear duine atá bunaithe laistigh nó lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, ós rud é go dtairbhíonn an t-ábhar pacála sin de na foirmiúlachtaí simplithe custaim céanna freisin nuair a dhearbhaítear é le haghaidh iontráil shealadach nó le haghaidh athonnmhairithe.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 mar a leanas:

⁽¹⁾ IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 an 28 Iúil 2015 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2019 lena mbunaítear an clár oibre a bhaineann le forbairt agus le húsáid na gcóras leictreonach dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais (IO L 325, 16.12.2019, lch. 168).

(1) Leasaítear Airteagal 119 mar a leanas:

(a) cuirtear an teideal seo a leanas in ionad theideal an Airteagail:

‘Toimhde agus cruthúnas ar stádas custaim

(Airteagal 153(1) agus 155(2) den Chód);

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) i gcás ina n-iomprófar na hearraí ar eitleán agus ina lódálfar nó ina dtrasloingseofar iad ag aerfort de chuid an Aontais chun iad a choinsíniú go haerfort eile de chuid an Aontais, gan stopadh lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, ar choinníoll go n-iomprófar iad faoi chumhdach doiciméid aonair iompair arna eisiúint i mBallstát;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Is féidir le hearraí de chuid an Aontais gluaiseacht, gan iad a bheith faoi réir nós imeachta custaim, ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus amach as an gcríoch sin ar bhonn sealadach gan a stádas custaim a athrú, sna cásanna seo a leanas, ar choinníoll go gcruthófar a stádas custaim ar earraí de chuid an Aontais:

(a) earraí a tugadh isteach ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus a d’fhág an chríoch sin ar bhonn sealadach ar muir nó ar eitleán gan stopadh lasmuigh den chríoch sin;

(b) earraí a tugadh isteach ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais trí chríoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais gan iad a bheith trasloingsithe, agus a iomprófar faoi chumhdach doiciméid aonair iompair arna eisiúint i mBallstát;

(c) earraí a tugadh isteach ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais trí chríoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais agus a transloingsíodh lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais ar mhodh iompair seachas an modh ina raibh siad lódáilte ar dtús agus a seoladh faoi chumhdach doiciméid aonair iompair arna eisiúint i mBallstát. Má tá doiciméad iompair nua á eisiúint lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, cuirfear an doiciméad aonair iompair bunaidh ar fáil don lucht custaim ar theacht isteach san Aontas arís;

(d) mótarfheithiclí atá cláraithe i mBallstát a d’fhág críoch chustaim an Aontais ar bhonn sealadach agus a tháinig isteach i gcríoch chustaim an Aontais arís;

(e) pacáistíocht, pailléid agus trealamh eile atá cosúil leo, seachas coimeádáin, ar le duine atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais iad agus a úsáidtear chun earraí a iompar a d’fhág críoch chustaim an Aontais ar bhonn sealadach agus a tháinig isteach arís;

(f) Earraí i mbagáiste a iompraíonn paisinéir nach bhfuil sé beartaithe iad a úsáid ar bhonn tráchtála agus a d’fhág críoch chustaim an Aontais ar bhonn sealadach agus ansin a chuaigh ar ais inti.’;

(2) Leasaítear Airteagal 128 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Cuirfear an t-iarratas ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 faoi bhráid an údaráis custaim inniúil chun an cinneadh a dhéanamh sa Bhallstát ina dhéantar na hearraí a lódáil den chéad uair ar mhodh iompair le haghaidh coinsíneachta agus i gcás ina mbeidh an fhaisnéis uile is gá maidir leis na hearraí ar fáil.’;

(b) cuirtear míreanna 3a agus 3b seo a leanas isteach:

‘3a. Ní dheonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ach amháin ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an t-iarratasóir bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais;

(b) eisíonn an t-iarratasóir cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais go rialta nó tá a fhios ag na húdaráis inniúla chustaim gur féidir leis an iarratasóir na ceanglais a leagtar síos sa Chód agus sa Rialachán sin maidir le húsáid na gcruthúnas sin a chomhlíonadh;

- (c) comhlíonann an t-iarratasóir na critéir a leagtar amach in Airteagal 39, pointí (a), (b) agus (d) den Chód;
- (d) measann an t-údarás inniúil custaim gur féidir leis, gan iarracht dhíríreach riaracháin, maoirseacht a dhéanamh ar chruthúnais ar stádas an Aontais arna eisiúint ag an iarratasóir, mar aon le rialuithe a dhéanamh.
- 3b. Beidh an méid seo a leanas sonraithe san údarú dá dtagraítear i mír 1, go háirithe:
- (a) na coinníollacha faoina gcuirfear taifid ar fáil do lucht custaim chun críoch rialaithe agus faoina gcoinneofar iad ar feadh trí bliana ar a laghad;
- (b) an bealach ina ndéanfaidh an t-eisitheoir údaraithe a mheas gur baineadh úsáid cheart as na cruthúnais;
- (c) an tréimhse ina dtabharfaidh an t-eisitheoir údaraithe fógra don oifig custaim inniúil ionas go mbeidh sí in ann aon rialú is gá a dhéanamh roimh imeacht na n-earraí máil, mar aon leis an tslí a dtabharfaidh an t-eisitheoir údaraithe an fógra don oifig sin.;
- (3) In Airteagal 136(1), cuirtear an pointe seo a leanas (ja) isteach i ndiaidh phointe (j):
- ‘(ja) gairis slándála agus rianúcháin le haghaidh lasta a chuirtear laistigh den ábhar pacála nó atá nasctha leis an ábhar pacála;’
- (4) in Airteagal 138, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):
- ‘(c) earraí dá dtagraítear in Airteagal 136(1), pointí (a), (j) agus (ja), den Rialachán seo lena ngabhann faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí arna dtabhairt ar ais i gcomhréir le hAirteagal 203 den Chód;’
- (5) in Airteagal 139, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:
- ‘1. I gcás nach ndearbhófar iad trí mhodh eile a úsáid, maidir leis na hearraí dá dtagraítear in Airteagal 136(1), pointí (a) go (d), (h) agus pointí (h) go (ja), measfar iad a bheith dearbhaithe le haghaidh cead isteach sealadach i gcomhréir le hAirteagal 141.
2. Maidir leis na hearraí dá dtagraítear in Airteagal 136(1), pointí (a) go (d) agus pointí (h) go (ja), i gcás nach ndearbhófar iad trí mhodh eile a úsáid, measfar iad a bheith dearbhaithe lena n-ath-onnmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 141 tráth a bheidh an nós imeachta um chead isteach sealadach curtha chun críche;’
- (6) in Airteagal 141(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (d), (iv) agus (v):
- ‘(iv) i gcás ina meastar na hearraí dá dtagraítear in Airteagal 136(1), pointí (a), (j) agus (ja), den Rialachán seo a bheith dearbhaithe le haghaidh cead isteach sealadach i gcomhréir le hAirteagal 139(1) den Chód;
- (v) i gcás ina dtabharfar na hearraí dá dtagraítear in Airteagal 136(1), pointí (a), (j) agus (ja), den Rialachán seo a chomhlíonann na coinníollacha a bhunaítear in Airteagal 203 den Chód i gcríoch chustaim an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 138, pointe (c), den Rialachán seo.’
- (7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 228:

‘Airteagal 228

Ábhar pacála agus gairis slándála agus rianúcháin

(Airteagal 250(2)(d) den Chód)

Deonófar faoiseamh iomlán ó dhleacht ar allmhairí maidir leis na hearraí seo a leanas:

- (a) ábhar pacála a allmhairítear líonta, ar ábhar pacála é a bhfuil sé beartaithe é a ath-onnmhairiú, agus iad folamh nó líonta;
- (b) pacáistí a allmhairítear folamh, ar ábhar pacála é a bhfuil sé beartaithe é a ath-onnmhairiú, agus é folamh nó líonta;
- (c) gairis slándála agus rianúcháin le haghaidh lasta a chuirtear laistigh den ábhar pacála nó atá nasctha leis an ábhar pacálaí, ar gairis iad atá beartaithe le haghaidh athonnmhairithe.

D’fhéadfadh an t-iarratasóir agus sealbhóir an nós imeachta a bheith bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN